NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10825 — DAVITA / MEDTRONIC / MEDTRONIC RENAL CARE SOLUTIONS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 39/10)

1. An 16 Eanáir 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DaVita Inc. ("DaVita", SAM),

— Medtronic, Inc. ("Medtronic", SAM), atá á rialú ag Medtronic plc.,

— Medtronic's Renal Care Solutions Business ("RCS business", SAM), atá á rialú ag Medtronic.

Gheobhaidh DaVita agus Medtronic rialú comhpháirteach ar RCS business de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn DaVita seirbhísí scagdhealaithe duán trí líonra lárionad scagdhealaithe othar seachtrach,

— Is cuideachta dhomhanda teicneolaíochta cúraim sláinte í Medtronic atá tiomnaithe do réitigh a aimsiú ar na dúshláin is mó a bhaineann le sláinte an duine,

— Tá RCS business bainteach le taighde, forbairt, monarú, ceadúnú, tráchtálú agus dáileadh agus díol táirgí cúraim dhuánaigh agus feistí leighis eile a úsáidtear chun cóireáil a chur ar othair a bhfuil galar duánach ag an gcéim dheiridh orthu (lena n-áirítear meaisíní scagdhealaithe, ítimí gaolmhara a úsáidtear i dtaca le cóireálacha scagdhealaithe, cataitéir agus gairis eile a úsáidtear i dtaca le rochtain soithíoch a chruthú nó a choinneáil ar bun).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10825 — DAVITA / MEDTRONIC / MEDTRONIC RENAL CARE SOLUTIONS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË